Pobalscoil Chorca Dhuibhne

24 Feabhra 2021

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Beidh Bliain 6 ar ais ar scoil linn ar an 1 Márta 2021. Tá eolas anseo thíos le roinnt agam libh agus bhuaileamar le Bliain 6 ar Zoom inniu chun iad a choimeád ar an eolas.

- Beidh ranganna ag Bliain 6 Dé Luain agus tosnóidh na Réamhscrúduithe maidin Dé Máirt (2 Márta). Beidh deis ag gach múinteoir bualadh leo i rith an lae Dé Luain chun comhairle a chur orthu agus chun iad a threorú maidir leis na Réamhscrúduithe.
- Beidh gnáthranganna ag Bl 6 ATF ó Dé Luain 1 Márta go dtí 8 Márta. Tosnóidh a réamhscrúduithe Dé Máirt an 9 Márta agus leanfaidh siad don gCéadaoin agus Déardaoin. Beidh gnáthranganna acu arís ó Dé Luain ón 15 Márta ar aghaidh.
- Tá foirm filleadh ar scoil le líonadh ag daltaí Bhliain 6. Tá sé seo seolta go dtí ríomhphost na ndaltaí. Caithfear é a líonadh agus a chur ar ais go dtí an ríomhphost filleadh6@pcd07.ie roimh maidin Dé Luain ag 0830. Ní bheidh cead isteach sa bhfoirgneamh go dtí go mbeidh an fhoirm seo sínithe.
- Níl aon eolas breise tagtha maidir leis an bpróiseas um Ghráid atá Creidiúnaithe ná an Ardteist go fóill. Tá sé ráite acu go mbeidh treoir mhínithe ghinearálta a fhoilseofar roimh thús na seachtaine seo chugainn agus go gcuirfear treoir níos mionsonraithe ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna ina dhiaidh sin. Chomh luath is a bheidh eolas againn fé seo roinnfear libh é.
- Caithfear an éide scoile a chaitheamh mar is gnáth.
- Caithfear cloí leis na treoracha ar fad a bhaineann le Covid 19 agus iad ar scoil. Tuigfimid ar fad cé chomh dáiríre is atá rudaí faoi láthair agus caithfear gach duine sa phobal a chosaint.
- Chun gur féidir linn an scoil a choimeád oscailte caithfimid Covid 19 a choimeád amach. Déanfar é seo tríd na teagmhálaithe a choimeád chomh híseal agus is féidir agus srianta Covid 19 a leanúint go docht. Ciallaíonn sé seo nár cheart meascadh a bheith ag tarlú taobh amuigh dár dteaghlaigh fhéin.
- Caithfear masc a chaitheamh agus iad ar scoil. Níl cealtaire oiriúnach a thuilleadh.
- Tá an Cárta Tagartha Covid 19 ceangailte mar thagairt duit.

Táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh Bliain 6 arís Dé Luain chun leanúint leis an bprapáil don Ardteist agus chun tacú leo ar scoil.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide